Health Information and Quality Authority
An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Seirbhís Sláinte Níos Fearr á Forbairt | Building a Better Health Service

An Roinn Sláinte
Department of Health

# Ceisteanna Coitianta

## Rannpháirtíocht Náisiúnta maidir le Cúram Digiteach Sláinte agus Sóisialta Suirbhé Ar Líne do Ghairmithe i gCúram Sláinte agus Sóisialta

## Maidir leis an suirbhé

### 1. Cad is ábhar an tsuirbhé seo?

Is smaointe agus tuairimí gairmithe a oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta in Éirinn maidir le cúram digiteach sláinte agus sóisialta ábhar an tsuirbhé seo. Is éard is ciall le cúram digiteach sa suirbhé seo ná an chaoi a bhfaigheann an pobal rochtain dhigiteach ar a gcuid faisnéise cúraim sláinte agus shóisialta féin, an chaoi a roinntear an fhaisnéis sin leis an bpobal agus cad is féidir leis an bpobal a roinnt leis na gairmithe. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis sin sonraí maidir le riochtaí leighis, liostaí de chógais, chomh maith le sonraí pearsanta amhail dáta breithe. Tagraíonn cúram sláinte agus sóisialta freisin don chaoi inar féidir le gairmithe a oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta cumarsáid a dhéanamh go digiteach leis an bpobal nó seirbhísí a sholáthar go digiteach. Is mian linn mianta, riachtanais agus ullmhacht gairmithe le haghaidh cúram digiteach sláinte agus sóisialta a thuiscint, lena n-áirítear a gcuid dearcthaí i leith rochtain dhigiteach a bheith ag an bpobal ar a gcuid faisnéise cúraim sláinte agus shóisialta agus na tionchair fhéideartha ar ghairmithe.

### 2. Cé atá ag stiúradh an tsuirbhé?

Tá an suirbhé á reáchtáil ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA), i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Beidh próiseálaí sonraí, IPSOS MRBI, in úsáid ag HIQA chun cabhrú leis an suirbhé seo a dhéanamh.

### 3. Cén tábhacht atá leis?

Is mian le heagraíochtaí comhpháirtíochta bainteach leis an suirbhé seo ionchais daoine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus gairmithe a oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta in Éirinn a mhéid a bhaineann le seirbhísí digiteacha sláinte agus rochtain dhigiteach a fháil ar fhaisnéis sláinte, agus an fhaisnéis sin a roinnt go digiteach, a thuiscint. Cuirfidh an suirbhé seo ar chumas gairmithe a dtuairimí ar an topaic seo a chur in iúl agus trí sin a dhéanamh, foinse shaibhir faisnéise a sholáthar a bheidh mar bhonn eolais do bheartas náisiúnta agus d'fhorbairtí agus do mholtaí sa réimse amach anseo de réir spriocanna Rialtas na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh.

### 4. Cén fáth a bhfuil sé á reáchtáil anois?

Féachfaidh an rannpháirtíocht náisiúnta ar cad is ciall leis an gcúram digiteach sláinte agus sóisialta do ghairmithe poiblí agus príobháideacha na hÉireann a oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta. Baileofar leis fianaise maidir le mianta, riachtanais agus ullmhacht an phobail

le haghaidh cúram digiteach sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear na tionchair fhéideartha ar an bpobal. Baileofar leis freisin faisnéis maidir le mianta, riachtanais agus ullmhacht gairmithe le haghaidh cúram digiteach sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear a gcuid dearcthaí i leith rochtain dhigiteach a bheith ag an bpobal ar a gcuid faisnéise cúraim sláinte agus shóisialta féin, agus na tionchair fhéideartha ar ghairmithe. Is fíor sin go háirithe i bhfianaise athruithe a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus dearcthaí i leith teicneolaíochtaí digiteacha sláinte mar thoradh ar an gcibearionsaí san FSS.

Shocraigh an Coimisiún Eorpach sprioc le déanaí go mbeidh rochtain leictreonach ag 100% de shaoránaigh an Aontais Eorpaigh ar a gcuid taifead leighis faoi 2030.[1] Ina theannta sin, faoi thionscnaimh an chláir athchóirithe Sláintecare, tá sé mar sprioc ag an Rialtas tairseach sláinte saoránach a chur chun feidhme, chomh maith le cuspóirí digiteacha eile sláinte.[2] Beidh infhaighteacht níos fearr ar fhaisnéis sláinte, feabhsuithe sa chinnteoireacht, agus, i ndeireadh na dála, cúram níos sábháilte agus torthaí níos fearr d'othair ann de thoradh ar fheabhsuithe sa réimse seo.

## 5. Cé hiad na daoine a iarrfar orthu an suirbhé ar líne a dhéanamh?

Déanfaidh 672 gairmí oibríonn i gcúram sláinte agus sóisialta in Éirinn an suirbhé. Tá an suirbhé ag féachaint go sonrach ar ghairmithe atá cláraithe le nó ina gcomhaltaí díobh seo a leanas:

- CORU (rialálaí sláinte ilghairme na hÉireann)
- Comhairle Fiaclóireachta na hÉireann
- Comhairle na nDochtúirí Leighis
- Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann
- Cumann Cógaiseoirí na hÉireann
- An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil
- Cumann Síceolaithe na hÉireann

## 6. An bhfuil suirbhé eile ar bun?

Tá suirbhé náisiúnta teileafóin á reáchtáil againn freisin leis an bpobal. Cuideoidh an dá shuirbhé linn tuairimí na ngairmithe an phobail maidir le cúram digiteach sláinte agus sóisialta a thuiscint.

## 7. An féidir liom an dá shuirbhé a dhéanamh?

D'fhéadfá suirbhé amháin a dhéanamh i gcáil ghairmiúil má tá tú cláraithe le nó i do chomhalta de ceann de na heagraíochtaí a liostaítear i mír 5 thuas. D'fhéadfá an suirbhé eile a dhéanamh freisin i gcáil phríobháideach mar dhuine den phobal.

## 8. An gcomhlíonann an suirbhé dlíthe maidir le cosaint sonraí?

---

[1] Féach Deich mBliana Digiteacha na hEorpa ag https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/policies/europes-digital-decade
[2] Féach Straitéis Forfheidhmithe & Plean Gníomhaíochta Sláintecare 2021-2023 ag https://assets.gov.ie/134746/9b3b6ae9-2d64-4f87-8748-cda27d3193f3.pdf

Comhlíonann. Comhlíonann an suirbhé na dlíthe uile coinneála agus cosanta sonraí lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Rinneadh Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí freisin. Tá tuilleadh sonraí maidir le cosaint sonraí ar fáil ag www.hiqa.ie.

### 9. Cá háit ar féidir liom teacht ar thorthaí an tsuirbhé?

Beidh torthaí an tsuirbhé ar fáil ag www.hiqa.ie. Féadfaidh tú clárú chun na torthaí a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig digitalsurvey@hiqa.ie

## Do rannpháirtithe an tsuirbhé

### 1. Cad atá i gceist le páirt a ghlacann sa suirbhé?

Is éard atá i gceist leis an suirbhé ná 26 ceist a fhreagairt ar líne, trí nasc a sheolfar chuig do ríomhphost, nó go díreach ar shuíomh gréasáin HIQA. Tógann sé thart ar 15 nóiméad lena líonadh ar líne.

### 2. Cén fáth ar cheart dom an suirbhé a dhéanamh?

Tugann an suirbhé seo an deis duit éisteacht a fháil ar do thuairim maidir le todhchaí an chúraim dhigitigh sláinte agus shóisialta in Éirinn. Beidh tionchar fóinteach ag torthaí an tsuirbhé ar phleananna maidir le faisnéis dhigiteach agus seirbhísí digiteacha a bhaineann le cúram sláinte agus sóisialta in Éirinn, lena n-áirítear úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i gcúram sláinte agus sóisialta.

### 3. Cén cineál ceisteanna a chuirfear orm?

Cuirfear ceisteanna ort maidir le do thuairim ar do chuid mianta, do chuid riachtanas agus d'ullmhacht le haghaidh cúram digiteach sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear do chuid dearcthaí i leith rochtain dhigiteach a bheith ag an bpobal ar a gcuid faisnéise cúraim sláinte agus shóisialta agus na tionchair fhéideartha ar ghairmithe.

### 4. Cad a dhéanfaidh sibh le mo chuid freagraí?

Ní luafar aon ainmneacha in aon fhreagra ón suirbhé. Foilseofar na torthaí i dtuarascáil ina leagfar amach tuairimí na ndaoine maidir le cúram digiteach sláinte agus sóisialta. Beidh na torthaí ar fáil go poiblí ag www.hiqa.ie.

### 5. An ndéileálfar le mo chuid freagraí mar ábhar rúnda?

Déileálfar. Déanfar do chuid freagraí a phróiseáil faoi chuing rúin. Déanfar anailís ar do chuid freagraí chun críocha an tsuirbhé seo. Ní thabharfar na freagraí d'eintitis tráchtála agus ní úsáidfear chun críoch tráchtála iad ach an oiread. Déanfar an fhaisnéis uile a bhaileofar le linn an tsuirbhé seo a bhainistiú de réir beartais Rialachais Faisnéise agus Cosanta Sonraí HIQA. Le haghaidh eolais ar conas a mbaineann HIQA leas as sonraí pearsanta, féach Fógra Príobháideachais HIQA: https://www.hiqa.ie/reports-and-publications/corporate-publication/hiqa-privacy-notice

## 6. Cé hiad na daoine a mbeidh rochtain acu ar mo chuid sonraí, cá háit a stórálfar iad agus cá fhad a stórálfar iad?

Coinneofar an fhaisnéis uile a bhaileofar faoi chuing rúin. Déanfar an suirbhé a fhreagairt ar uirlis suirbhé HIQA a fuarthas ó Qualtrics. Is uirlis suirbhé ar líne í seo arna formheas lena húsáid ag HIQA. Ní iarrfar ort aon fhaisnéis a thabhairt i do chuid freagraí lena bhféadfaí tú a shainaithint. Ní bheifear in ann aon duine ar leith a shainaithint ó thorthaí an tsuirbhé, agus ní dhéanfar tuairisciú ach ar fhreagraí carntha rannpháirtithe. I gcás ina gcuireann rannpháirtí suirbhé faisnéis aitheantais ar fáil ina gcuid freagraí, déanfar í sin a scriosadh go buan a luaithe a shainaithnítear í. Déanfaidh uirlis suirbhé HIQA freagraí an tsuirbhé a stóráil le linn don suirbhé a bheith oscailte do fhreagróirí. Déanfar na sonraí ar fad ar an uirlis suirbhé a stóráil agus a phróiseáil san Aontas Eorpach. Beidh sé faoi réir an RGCS. Beidh HIQA ina rialálaí sonraí agus beidh sé ina úinéir ar na sonraí, agus déanfaidh sé rialú orthu. Beidh Qualtrics agus IPSOS MRBI ina bpróiseálaithe sonraí don suirbhé agus ní dhéanfar sonraí a phróiseáil ach a mhéid is gá chun bogearraí agus seirbhísí a chur ar fáil. Ní nochtfar aon sonraí do thríú páirtithe. Nuair a bheidh deireadh leis an suirbhé, déanfaidh HIQA na freagraí a íoslódáil ón uirlis suirbhé go freastalaí HIQA féin agus déanfar an fhaisnéis a scriosadh go buan ón uirlis suirbhé. Beidh an rochtain ar fhreagraí an tsuirbhé teoranta do dhaoine áirithe in HIQA. Coimeádfaidh HIQA na freagraí gan ainmneacha go buan. Foilseofar sonraí suirbhé gan ainmneacha ar shuíomh gréasáin HIQA freisin nuair a bheidh an tuarascáil maidir leis an rannpháirtíocht náisiúnta tugtha chun críche.

Má iarrann tú go ndéanfar faisnéis bhreise maidir leis an suirbhé a phostáil chugat, baileofar d'ainm agus do sheoladh chun na críche sin agus scriosfar iad ceithre seachtaine i ndiaidh duit an suirbhé a dhéanamh. Chun eolas breise a fháil maidir leis an suirbhé seo, tabhair cuairt ar www.hiqa.ie nó téigh i dteagmháil linn le do cheist ag an ríomhphost nó an uimhir ghutháin thíos.

## 7. Cá háit ar féidir liom níos mó a fháil amach?

Chun níos mó a fháil amach, féadfaidh tú dul i dteagmháil linn trí:

**Ríomhphost:**digitalsurvey@hiqa.ie

**Seoladh poist:**

HIQA ag Suirbhé Rannpháirtíochta Náisiúnta
Caighdeáin Theicniúla HIS
Cúirt Sheoirse
Lána Sheoirse
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y

**Uimhir ghutháin:** 01 8286770

**Suíomh gréasáin:** www.hiqa.ie